Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Deireadh Fómhair 2022
(OR. en)

12503/22

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0242(NLE)**

AGRI 437
PROBA 35
WTO 166

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le haontachas aontachas Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 |

**CINNEADH (AE) 2022/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le haontachas aontachas Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 ('an Comhaontú') thar ceann an Aontais i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle[1] an 18 Samhain 2016, faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta níos déanaí. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm go sealadach an 1 Eanáir 2017 i gcomhréir le hAirteagal 31(2) de.

(2) Tugadh an Comhaontú i gcrích an 17 Bealtaine 2019 le Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle[2].

(3) De bhun Airteagal 29 den Chomhaontú, tá Comhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg ('Comhairle na gComhaltaí') chun na coinníollacha maidir le haontachas Rialtais leis an gComhaontú bhunú.

(4) Rinne Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí iarratas foirmiúil ar aontú don Chomhaontú. Ba cheart, dá bhrí sin, cuireadh a thabhairt do Chomhairle na gComhaltaí, le linn seisiún amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a chomhmhalartú, chun na coinníollacha maidir le haontachas Ríocht na hAraibe Sádaí a bhunú i dtaca leis na sciartha rannpháirtíochta i gComhairle Idirnáisiúnta na nOlóg agus leis na teorann ama chun an ionstraim a thaisceadh.

---

[1] Cinneadh (AE) 2016/1892 ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2016 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 293, 28.10.2016, lch. 2).

[2] Cinneadh (AE) 2019/848 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2019 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta maidir le hOla Olóige agus Ológa Boird, 2015 (IO L 139, 27.5.2019, lch. 1).

(5) Ós rud é go bhfuil a hearnáil ológ á forbairt ag Ríocht na hAraibe Sádaí a mhéid a bhaineann le tomhaltas agus go bhfuil sé i gceist aici a táirgeacht a fhorbairt, d'fhéadfadh a haontachas Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg a threisiú faoi choinníollacha áirithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht a bhaint amach sa dlí náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le saintréithe táirgí olóige, chun aon bhacainn ar thrádáil a sheachaint.

(6) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na gComhaltaí a bhunú ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla ag na cinntí atá le glacadh ar an Aontas trí dhifear a dhéanamh don chothromaíocht cinnteoireachta i gComhairle na gComhaltaí nuair nach nglacfar le cinntí trí chomhthoil i gcomhréir le hAirteagal 10(4) den Chomhaontú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach san Iarscríbhinn an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle Chomhaltaí Chomhairle Idirnáisiúnta na nOlóg le linn seisiún amach anseo, nó faoi chuimsiú nós imeachta um chinntí a ghlacadh ag Comhairle na gComhaltaí trí chomhfhreagras a mhalartú, a mhéid a bhaineann leis na coinníollacha maidir le haontachas Rialtas Ríocht na hAraibe Sádaí leis an gComhaontú.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*